Nósanna Imeachta Ginearálta Scrúduithe

- Tá sé de cheanglas ar gach iarrthóir é féin/í féin a chur ar an eolas faoi na ***Rialacháin*** a rialaíonn scrúduithe (féach thíos).
- Tá Amchláir Phearsanta ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige Scrúduithe agus ansin amháin.
- ***Ní eiseofar aon chárta/uimhir scrúdaithe.*** Cuirfear iarrthóirí i suíocháin de réir plean suíochán a bheidh socraithe de réir uimhreacha aitheantais. Dá bhrí sin ní mór duit do chárta Aitheantais Ollscoile a bheith leat ag gach scrúdú. Cuirfear dhá phlean suíochán ar taispeáint taobh amuigh den halla Scrúduithe; beidh uimhreacha na suíochán ar cheann acu agus beidh uimhir aitheantais na mac léinn lena mbaineann siad ar an gceann eile.
- Tá sé de fhreagracht ar gach iarrthóir a chinntiú go bhfuil sé/sí ag freagairt as an bpáipéar scrúdaithe cuí. Ní mór do gach iarrthóir teideal an pháipéir a sheiceáil agus aon treoracha a léamh go cúramach sula dtosaíonn sé/sí ar an scrúdú. Ba cheart go mbeadh a fhios ag iarrthóirí go bhféadfadh ceisteanna a bheith ar dhá thaobh an leathanaigh sna páipéir scrúduithe. Ba cheart aon cheisteanna atá ann a chur ar an bhFeitheoir láithreach.
- Má thugtar cead d'iarrthóirí an Halla a fhágáil ar feadh tréimhse ghairid, e.g. tinneas, leithreas a úsáid, beidh orthu bileog a shíniú a chomhshíneoidh an feighlí a rachfaidh leo, agus coinneofar cuntas ar an tréimhse a mbeidh siad as láthair.

Scrúduithe Ollscoile - Rialacháin

1. Iarrfar ar iarrthóirí bheith i láthair ceathrú uaire ar a laghad roimh thús gach scrúdaithe.
2. Ní cheadaítear d'iarrthóirí tosú ag scríobh ar fhreagarleabhair go dtí go dtugann an Feighlí treoir dóibh déanamh amhlaidh. Pléifear le scríobh ar fhreagarleabhair roimh thús an scrúdaithe mar bhriseadh rialacha an scrúdaithe.
3. Mura gceadaíonn an feitheoir-i-bhfeighil é, (i) ní ligfear iarrthóirí isteach sa Halla Scrúduithe má bhíonn siad níos mó ná ***uair an chloig*** mall, (ii) ní cheadófar d'iarrthóirí an Halla Scrúduithe a fhágáil go dtí go mbeidh ***uair an chloig*** caite ón uair ar thosaigh an scrúdú ná sa tríocha nóiméad deiridh den scrúdú agus (iii) ní cheadófar dóibh filleadh ar an Halla Scrúduithe.
4. Ní mór d'iarrthóirí na mionsonraí éagsúla atá iarrtha a bhreacadh sna Freagarleabhair go cúramach. Má bhíonn rud ar bith de dhíth ar iarrthóirí le linn an scrúdaithe, ba cheart dóibh aird an Fheitheora a tharraingt chucu féin. ***Níor cheart dóibh a n-áit a fhágáil ar chúis ar bith.***
5. Ní mór d'iarrthóirí a gCárta Aitheantais Ollscoile a chur ar taispeáint le go ndéanfaidh an Feitheoir cigireacht air.
6. Ní thabharfaidh aon Iarrthóir aon ábhair, seachas iad sin atá ceadaithe go sonrach don scrúdú sin, isteach sa Halla Scrúduithe agus ní bheidh a leithéid ina s(h)eilbh fad a bheidh sé/sí sa Halla sin. Tá sé de fhreagracht ar gach Iarrthóir a chinntiú ***nach bhfuil aon nótaí ná aon scríbhinn*** ar aon ábhair a thugtar isteach sa Halla Scrúduithe***; ní mór cláir a ghlanadh d'áireamháin.*** Is féidir le Feitheoirí cigireacht a dhéanamh ar ábhair dá leithéid.
7. Ní thabharfaidh aon iarrthóir ***Guthán Póca*** isteach sa Halla Scrúduithe agus ní bheidh ceann ina s(h)eilbh.
8. Ní thabharfaidh aon iarrthóir ***Cás Pinn Luaidhe*** isteach sa Halla Scrúduithe agus ní bheidh ceann ina s(h)eilbh.
9. Ní thógfaidh aon iarrthóir aon Fhreagarleabhar, ná aon chuid de Fhreagarleabhar, bíodh úsáid bainte as nó ná bíodh, ná aon ábhar eile a soláthraíodh as an Halla Scrúduithe. Tá gach Iarrthóir freagrach as na Freagarleabhair a thugtar dó/di sa Scrúdú.
10. Ní thabharfaidh aon iarrthóir cúnamh, agus ní dhéanfaidh aon Iarrthóir iarracht cúnamh a thabhairt d'iarrthóir eile; ná ní bhfaighidh sé/sí agus ní dhéanfaidh sé/sí iarracht cúnamh a fháil ó iarrthóir eile. Ní dhéanfaidh sé/sí aon chumarsáid ar aon slí le haon iarrthóir eile i Halla na Scrúduithe.
11. Déanfar tuairisciú ar aon neamhrialtachtaí iompair taobh istigh de na hallaí chuig an nGrúpa Slándála Scrúduithe. I bhfiosrúchán faoi thuairiscí dá leithéid d'fhéadfaí go n-iarrfaí ar iarrthóirí teacht chun agallaimh leis an nGrúpa.
12. Má thugann an Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán na hOllscoile breith, i ndiaidh tuairisce ón nGrúpa Slándála Scrúduithe, go raibh iarrthóir i ndiaidh ceann ar bith de Rialacháin na Scrúduithe a bhriseadh, nó go raibh sé/sí i ndiaidh gníomhú go míchuí, d'fhéadfaí smachtbhanna a ghearradh air/uirthi. Beidh sé de chumhacht ag an Uachtarán chomh maith cosc a chur air/uirthi freastal ar a Scrúdú, an scrúdú ar fad nó cuid de, as rialacháin Scrúduithe a bhriseadh, agus beidh sé de

chumhacht ag an Uachtarán, ag brath ar achomharc, cosc a chur air/uirthi ón scrúdú ar feadh tréimhse nach mó ná dhá bhliain.

13. I gcás pearsanaithe, dlífear toirmeasc buan ón Ollscoil ar an té a rinne pearsanú agus ar an té a ndearnadh pearsanú air/uirthi.
14. Tá cosc ar bhradaíl d'aon chineál i ngach scrúdú.
15. Coimeádann an Ollscoil de cheart aici féin, nuair a éilíonn cúinsí é, na hamanna a bhí socraithe leis na scrúduithe a thionól a athrú.

Dlífidh an Príomh-Fheitheoir ar aon Iarrthóir a mbéarfar air/uirthi ag briseadh na Rialachán seo an Halla Scrúduithe a athrú, agus dlífear a gcás a thuairisciú chuig an gCláraitheoir agus chuig an Leas-Uachtarán.

Fógraí

Tá sé curtha in iúl ag an Oifig Sláinte & Sábháilteachta nach féidir málaí agus earraí pearsanta eile a fhágáil ag na bealaí isteach agus amach as na hIonaid Scrúdaithe ná istigh sna hIonaid. Dá bhrí sin, moltar duit gan ítimí den sórt sin a thabhairt leat chuig an Ionad Scrúdaithe. Ní ghlacann an Ollscoil aon fhreagracht chuici féin as earraí pearsanta a fhágtar gan feighil.

Foclóirí

Tá cead ag mic léinn ***Erasmus (1EM1)*** agus ag ***Mic léinn ar Cuairt (1OA1)*** nach Béarlóirí ó dhúchas iad, agus acusan amháin, foclóir teanga ***óna dteanga dhúchais go Béarla agus vice-versa*** a úsáid. Ach ***ní féidir*** foclóirí a úsáid sna scrúduithe seo a leanas: ***Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis agus Spáinnis.*** Is féidir leis an bhFeitheoir cigireacht a dhéanamh ar fhoclóirí le linn an Scrúdaithe.

Ábhar Ceadaithe

Nuair a thugann Dámh an Dlí cead ábhar a thabhairt isteach sa halla Scrúdaithe, bíonn na rialacháin seo a leanas i gceist:

- Ní féidir ach cóipeanna glana d'ábhar a bhfuil ceangal scaoilte orthu a thabhairt isteach san Ionad Scrúdaithe. Déanfaidh na Feitheoirí spotseiceáil ar an ábhar seo le linn an Scrúdaithe.
- Déanfaidh an Feitheoir cigireacht ar ***imleabhair a bhfuil ceangal buan orthu*** e.g. EC Legislation le Blackstone le linn an Scrúdaithe.
- Má fhiontar go bhfuil Iarrthóirí i seilbh ábhair nach bhfuil saor ó nótaí nó ó scríbhneoireacht, nó i seilbh ábhair neamhcheadaithe, glacfar seilbh ar an ábhar agus déanfar tuairisc ar an scéal mar bhriseadh Rialacháin an Ghrúpa Slándála Scrúduithe.